# Saoire san Iodáil

**Seo cárta poist a scríobh Úna chuig a cara Síle. Roghnaigh an focal ceart A, B, C nó D le cur i ngach bearna.**




A Shíle, a chara,

Tá mé ar saoire san Iodáil le Pádraig. Tá muid ag fanacht in ___________(1) beag i mbaile álainn cois farraige in ___________(2) le Pisa. Tá Éireannaigh eile agus go leor Francach ag ___________(3) san óstán chomh maith. Tá siad ar fad an-deas agus _____________(4).
Tá na laethanta saoire anseo go hiontach! ____________(5) ar a naoi a chlog agus téim díreach go dtí an trá i ndiaidh mo ____________(6). Ithim mo lón i ___________(7) in aice leis an trá. Téim ag snámh achan lá. Imríonn Pádraig galf achan tráthnóna agus téim féin ag siúl sa cheantar. Téimid go dtí na bialanna agus na ___________(8) tábhairne san oíche. Is breá liom an bia anseo ach is ____________(9) liom an bia in Éirinn. Tá an aimsir an-te – bíonn teocht 33° ann achan lá ach is cuma liom – mar atá a fhios agat, is ___________(10) liom an ghrian.
Tá mé ag dul abhaile Dé hAoine. Cuirfidh mé glaoch ort ar an Satharn. Bain tú féin agus Joe sult as an cheolchoirm i mBaile Átha Cliath!

Slán tamall,
Úna

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1.** | A óstán | B óstáin | C n-óstán | D hóstán |
| **2.** | A áit | B faoi | C aice | D gar |
| **3.** | A fan | B fanacht | C d'fhan | D fhan |
| **4.** | A róchairdiúil | B an-chairdiúil | C an-cairdiúil | D cairdiúla |
| **5.** | A Éiríonn | B Éirí | C Éirím | D Éirigh |
| **6.** | A bhricfeasta | B bricfeasta | C mbricfeasta | D bricfeastaí |
| **7.** | A bialann | B mbialann | C bialanna | D bialainne |
| **8.** | A dtithe | B teach | C tithe | D thithe |
| **9.** | A bhfearr | B fhearr | C feairr | D fearr |
| **10.** | A bhreá | B mbreá | C breá | D bhreátha |